# FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN EORPACH

## AR AN TUARASCÁIL SPEISIALTA Ó CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Bainistiú fiachais NGEU sa Choimisiún

Tús spreagúil, ach is gá ailíniú breise leis an dea-chleachtas

# Ábhar


1. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN I mBEAGÁN FOCAL ........ 2

II. FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN AR MHOLTAÍ CIE ........ 3

1. Moladh 1: Feidhm lároifige ar leith a bhunú ........ 3

2. Moladh 2: Ról an Phríomhoifigigh Riosca a atreisiú ........ 3

3. Moladh 3: Straitéis lucht saothair a chur chun feidhme d'fhoireann bainistithe fiachais ........ 4

4. Moladh 4: Cuspóirí soiléire maidir le bainistiú fiachais a fhoirmliú agus tuairisciú ar fheidhmíocht maidir lena gcur chun feidhme ........ 4

5. Moladh 5: Cinntí maidir le praghsáil doiciméad ar bhealach comhsheasmhach ........ 5


Is éard atá sa doiciméad seo freagraí ón gCoimisiún Eorpach ar bharúlacha maidir le Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 259 den Rialachán Airgeadais atá le foilsiú in éineacht leis an Tuarascáil Speisialta.

# 1. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN I mBEAGÁN FOCAL

**Is é atá in NextGenerationEU clár cistiúcháin ceannródaíoch** trínar féidir suas le 5 % de OTI an Aontais a shlógadh trí iasachtaí a fháil chun freagairt chomhchoiteann chumhachtach ón Aontas ar phaindéim COVID-19 a mhaoiniú. Is ionstraim shealadach é NextGenerationEU, faoinar féidir leis an gCoimisiún **suas le EUR 800 billiún a thiomsú idir lár 2021 agus 2026** trí eisiúint bannaí. Le fáltais na heisiúna bannaí sin, cuirfear ar chumas an Aontais na dúshláin téarnaimh láithreacha a shárú agus dlús a chur leis an aistriú glas agus le digitiú gheilleagar an Aontais freisin. Tiomsófar suas le 250 billiún trí eisiúint bannaí glasa NextGenerationEU. Is é atá i gceist le NextGenerationEU eisiúint bannaí bliantúla dar luach suas le thart ar EUR 150 billiún in aghaidh na bliana idir lár 2021 agus 2026 ar an meán, **rud a fhágann go bhfuil an tAontas ar cheann de na heisitheoirí is mó d'fhiachas a ainmnítear in euro agus is amhlaidh a bheidh sna blianta atá le teacht** agus gurb é an t–eisitheoir bannaí glasa is mó ar domhan é.

I gcás gach ceann de na cláir sula raibh NextGenerationEU[1] ann, d'eisigh an Coimisiún bannaí agus d'aistrigh sé na fáltais go díreach chuig tíortha tairbhíocha ar na téarmaí céanna (i.e. ráta úis agus aibíocht) a fuair sé féin (ar a dtugtar cur chuige cistiúcháin '**droim-le-droim**'. Dá bhrí sin, rinneadh uainiú, méid agus aibíocht na n–eisiúintí a chinneadh go hiomlán de réir riachtanais an tairbhí. Ba leor an modh sin chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais bheaga chistiúcháin, ach bhain sé a theorainneacha amach leis an gclár SURE (clár dar luach suas le EUR 100 billiún) inar tháinig an tAontas isteach mar eisitheoir rialta agus mórscála agus chuir sé foras oiliúna luachmhar ar fáil chun an clár cistiúcháin NextGenerationEU a dhearadh, ar clár i bhfad níos mó é.

**Bhí cur chuige cistiúcháin trína bhféadfaí an eisiúint a mhéadú go suntasach ó scála de dhíth ar NextGenerationEU** laistigh de thréimhse ama an–ghearr. Ina theannta sin, ba ghá leis córas trína bhféadfaí déileáil le heisíocaíochtaí iomadúla iasachtaí agus deontas do na Ballstáit go han–tapaidh agus ar bhonn ardmhinicíochta, eisíocaíochtaí lena mbainfeadh uainiú éiginnte i bhfianaise a spleáchais ar chur chun feidhme Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta gaolmhara. **Bhí prótacal oibríochtúil iomlán nua de dhíth ar an gCoimisiún chun NextGenerationEU a mhaoiniú go rathúil, i bhfoirm straitéis chistiúcháin éagsúlaithe** den chineál arna chur chun feidhme ag na heisitheoirí ceannasacha is mó sa limistéar euro.

Le cur chun feidhme oibríochtaí iasachtaíochta faoi NextGenerationEU, tá sé léirithe ag an gCoimisiún go bhfuil sé in ann clár cistiúcháin ar mhórscála a chur chun feidhme go rianúil fiú i margaí dúshlánacha agus, ag an am céanna, trédhearcacht agus cuntasacht iomlán a áirithiú. **Bhí an straitéis chistiúcháin éagsúlaithe** – atá comhdhéanta de na teicnící (sindeacáití agus ceantanna) agus de na hionstraimí cistiúcháin (bannaí agus billí) a úsáideann eisitheoirí ceannasacha – **ríthábhachtach chun cúinsí luaineacha margaí a láimhseáil.**

I mí na Nollag 2022, d'athraigh an **Pharlaimint agus an Chomhairle an Rialachán Airgeadais chun an straitéis chistiúcháin éagsúlaithe a chumhdach mar bhonn le haghaidh oibríochtaí uile iasachtaíochta agus iasachtaithe an Aontais amach anseo**, rud a chumasaigh cur chuige aontaithe cistiúcháin, ag tosú leis an gcistiú le haghaidh iasachtaí MFA+ don Úcráin (EUR 18 mbilliún).

[1] Amhail an Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach (EFSM), Cúnamh Macrairgeadais (MFA), an tSaoráid faoi Chomhair Chomhardú na nÍocaíochtaí agus Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála (SURE).

Leis an Rialachán Airgeadais athbhreithnithe[2], agus leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún maidir leis an Rialachas[3], **cuirfear ar chumas an Choimisiúin straitéis uileghabhálach bainistithe fiachais a fhorbairt dá chuid oibríochtaí**, i gcomhréir le moltaí CIE. Ní fhéadfadh an Coimisiún straitéis aonair uilechuimsitheach bainistithe fiachais a chur chun feidhme roimhe seo toisc go raibh sé de cheangal air straitéis cistiúcháin éagsúlaithe NGEU a reáchtáil mar aon le sraith clár arna maoiniú le modh difriúil agus úsáid á baint as teicnící éagsúla. Ag tógáil ar an straitéis chistiúcháin a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh NextGenerationEU, cumhdóidh an Coimisiún feasta gach oibríocht iasachtaíochta agus iasachtaithe le haghaidh bheartais an Aontais faoin g**cur chuige aontaithe cistiúcháin** ina Phleananna Maoiniúcháin agus sa tuairisciú gaolmhar agus déanfaidh an Príomhoifigeach Riosca maoirseacht freisin ar iasachtaíocht eile (nach mbaineann le NextGenerationEU). Agus a straitéis bainistithe fiachais agus a chórais tuairiscithe á mbunú aige faoin gcur chuige aontaithe cistiúcháin, **tabharfaidh an Coimisiún lánaird ar mholtaí CIE**.

# II. FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN AR MHOLTAÍ CIE

## 1. Moladh 1: Feidhm lároifige ar leith a bhunú

Agus scála, castacht agus suntasacht mhéadaithe na ngníomhaíochtaí bainistithe fiachais á gcur san áireamh, ba cheart don Choimisiún feidhm scoite lároifige a bhunú d'fhonn feabhas a chur ar a chumas anailíse, meastóireachta riosca agus tuairiscithe. Ba cheart an fheidhm sin a bheith freagrach, mar shampla, as faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar chomhbhabhtálacha bainistithe fiachais, agus as measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht bhainisteoirí fiachais na hoifige tosaigh ó thaobh cuspóirí straitéiseacha de.

**Spriocdháta cur chun feidhme: lár-2024**

Glacann an Coimisiún le moladh 1 chun feidhm lároifige ar leith a bhunú. Bhunaigh an Coimisiún an struchtúr reatha, ina ndéanann aon fhoireann amháin na cúraimí oifige tosaigh, pleanála straitéisí agus faireacháin riosca, ós rud é gur measadh gurb é sin an struchtúr is iomchuí i bhfianaise shainiúlachtaí na ngníomhaíochtaí agus an ghá atá le hacmhainneachtaí a fhorbairt go tapa leis na hacmhainní atá ar fáil.

I bhfianaise na mbreithnithe sin níor mhór dlúthnasc a bheith ann idir an phleanáil chistiúcháin agus cur i gcrích idirbheart tráth a raibh na próisis pleanála caiteachais agus idirbheart á bhforbairt. Bhí gá le dlúth-theagmháil agus ard-imoibríocht sa chéim thionscnaimh sin. Ós rud é go bhfuil na hoibríochtaí cistiúcháin á rith go rathúil ar feadh tamaill, is féidir an struchtúr eagrúcháin a ailíniú ar dhóigh níos fearr le dea-chleachtais idirnáisiúnta agus lároifig ar leith a bhunú.

## 2. Moladh 2: Ról an Phríomhoifigigh Riosca a atreisiú

Chun a chinntiú go gcomhlíonann an Príomhoifigeach Riosca a shainordú go neamhspleách, go héifeachtach agus go héifeachtúil, ba cheart don Choimisiún:

a) cairt a ullmhú ina míneofar cé na cúraimí bainistíochta oibríochtúla a thagann faoi fhreagracht an Phríomhoifigigh Riosca ina cháil mar Leas-Ardstiúrthóir;

[2] Rialachán (AE, Euratom) 2022/2434 (EUR-Lex - 32022R2434 - EN - EUR-Lex (europa.eu))

[3] C (2022)9700 (C_2022_9700_1_EN_ACT_part1_v6.pdf (europa.eu))

b) cumas fhoireann an Phríomhoifigigh Riosca a atreisiú ionas go mbeidh sí i gcomhréir lena cúraimí sannta, go háirithe trí chúltacaí a bhunú.

**Spriocdháta cur chun feidhme: deireadh 2023**

Glacann an Coimisiún le moltaí 2a agus 2b. Ullmhófar an chairt ina mínítear cúraimí bainistíochta oibríochtúla an Phríomhoifigigh Riosca, ina cháil mar Leas-Ardstiúrthóir ar Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid. I bhfianaise raon feidhme chúraimí an Phríomhoifigigh Riosca, tá atreisiú na foirne a thacaíonn leis an bPríomhoifigeach Riosca ar siúl d'fhonn a chumas oibríochtúil a neartú agus a bharrfheabhsú agus a eagrúchán a ailíniú le go mbeidh sé i gcomhréir leis na cúraimí a shanntar don Phríomhoifigeach Riosca.

## 3. Moladh 3: Straitéis lucht saothair a chur chun feidhme d'fhoireann bainistithe fiachais

I bhfianaise chastacht agus thábhacht na gcúraimí bainistithe fiachais, agus i bhfianaise an ghá atá ann foireann oiriúnach a mhealladh agus a choinneáil, ba cheart don Choimisiún straitéis iomchuí don lucht saothair a chur chun feidhme don fhoireann a bhíonn ag déileáil le bainistiú fiachais.

**Spriocdháta cur chun feidhme: deireadh 2023**

Glacann an Coimisiún le moladh 3. Trí fhoireann shealadach a thabhairt isteach ó oifigí bainistíochta fiachais na mBallstát, ón Sásra Cobhsaíochta Eorpach, ón mBanc Eorpach Infheistíochta, etc., chuidigh sé leis an gCoimisiún tús a chur go tapa leis na hoibríochtaí cistiúcháin. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún níos mó ball foirne buan a chur in ionad na foirne seachtraí agus sealadaí sin de réir a chéile. Is é an tosaíocht atá ann foireann an Choimisiúin a chur in ionad saineolaithe náisiúnta ar iasacht. Tá ról ríthábhachtach ag buansocruithe breise chun a áirithiú go leanfar de shocrú rathúil a dhéanamh ar chlár gnóthach eisiúna fiachais an Aontais a eisiúint. Cé go ndéanfar gach iarracht baill foirne bhuana a earcú, mura féidir sin, beidh ar an gCoimisiún na poist a líonadh le gníomhairí sealadacha. Tá úsáid gníomhairí sealadacha le haghaidh próifílí ardspeisialaithe, nach bhfuil ar fáil sa Choimisiún, i gcomhréir le straitéis acmhainní daonna an Choimisiúin. Ina theannta sin, atreisíodh foireann an Phríomhoifigigh Riosca le 3 FTE breise ó mhí Iúil 2022 ar foireann 5.5 FTE í anois. Leanfaidh an Coimisiún de mhachnamh a dhéanamh ar réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo chun aghaidh a thabhairt ar an moladh sin agus chun an ghné sin a chomhtháthú i mbainistiú acmhainní daonna Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid.

## 4. Moladh 4: Cuspóirí soiléire maidir le bainistiú fiachais a fhoirmliú agus tuairisciú ar fheidhmíocht maidir lena gcur chun feidhme

Chun cuntasacht agus trédhearcacht fheidhmíocht an Choimisiúin maidir le bainistiú fiachais a fheabhsú, ba cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) straitéis bainistithe fiachais a ghlacadh lena gcuimseofar gach ionstraim iasachtaíochta, lena n–áirítear ráiteas soiléir ar chuspóirí bainistithe fiachais leis na táscairí ábhartha, agus tuairisc rialta a thabhairt ar a mbaint amach;
b) faisnéis rialta a fhoilsiú maidir le cion na bhfáltas ó bhannaí glasa NGEU a chaitear go hiarbhír i gcomhréir le Tacsanomaíocht an Aontais.

**Spriocdháta cur chun feidhme: deireadh 2023**

Glacann an Coimisiún le moltaí 4a agus 4b. Mar a leagtar amach sa Teachtaireacht maidir leis an straitéis chistiúcháin chun NextGenerationEU[4] a mhaoiniú, is saintréithe iad an trédhearcacht agus an chuntasacht d'oibríochtaí cistiúcháin NextGenerationEU. Dá bhrí sin, cuireann an Coimisiún an–bhéim ar an bParlaimint, ar an gComhairle, ar infheisteoirí agus ar an bpobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoi na hoibríochtaí cistiúcháin.

## 5. Moladh 5: Cinntí maidir le praghsáil doiciméad ar bhealach comhsheasmhach

Chun feabhas a chur ar chuntasacht agus ar an rian iniúchóireachta le haghaidh a chinntí praghsála maidir le sindeacáitithe bhannaí an Aontais, ba cheart don Choimisiún na hanailísí agus na próisis chinnteoireachta as ar eascair cinneadh an phraghais deiridh a dhoiciméadú go soiléir le haghaidh úsáid inmheánach.

**Spriocdháta cur chun feidhme: Mí Mheán Fómhair 2023**

Glacann an Coimisiún le moladh 5 agus tabharfaidh sé isteach loga struchtúrtha de na príomhchéimeanna uile sa tréimhse roimh idirbhearta sindeacáite.

[4] COM (2021) 250 (com2021_250_en_act_part1_v3.pdf (europa.eu))